An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Samhain 2025

Nuachtlitir

ó Phríomhchigire na Roinne Oideachais agus Óige



Focail tosaigh

Haigh,

Táim ag scríobh chugaibh arís i mbliana chun a mhíniú cad a bheidh á dhéanamh ag cigirí scoile le linn na scoilbhliana 2025-2026 agus conas a chabhraíonn a gcuid oibre le scoileanna tacú le scoláirí cosúil libhse.

Yvonne Keating

Obair na Cigireachta i scoileanna

Leanfaidh cigirí de chuairt a thabhairt ar scoileanna chun a sheiceáil conas atá cúrsaí ag dul. In amanna, inseoimid don scoil go mbeimid ag teacht agus, in amanna eile, d'fhéadfaimis teacht gan aon fhógra. I gcás roinnt cigireachtaí, fanfaimid sa scoil ar feadh lá amháin agus, i gcás cigireachtaí eile, d'fhéadfaimis fanacht ar feadh dhá lá nó trí lá.

Le linn gach cigireachta, rachaimid isteach i roinnt seomraí ranga chun a fheiceáil conas atá an teagasc agus an fhoghlaim ag dul. Labhróimid le scoláirí, le múinteoirí agus leis an bpríomhoide freisin.

Nuair a thugaimid cuairt ar scoil ar feadh roinnt bheag laethanta, bíonn deis againn bualadh le roinnt scoláirí i bhfócasghrúpaí chun labhairt leo faoina dtuairimí faoin scoil. Is féidir libh tuilleadh faisnéise faoi fhócasghrúpaí a fháil ar ár leathanach gréasáin: www.gov.ie/ROCigireacht. Labhraímid le scoláirí mar go bhfuil sé an-tábhachtach dúinn a chloisteáil cad a cheapann sibh faoi bhur gcuid foghlama agus faoi bhur scoil. Tá bhur gcuid tuairimí fíorthábhachtach!

Cigireachtaí a fheabhsú

Faoi láthair, táimid ag féachaint ar an gcaoi a ndéanaimid cigireachtaí, chun a fheiceáil conas is féidir linn iad a fheabhsú. Chun cabhrú leis sin, táimid ag déanamh taighde le roinnt scoileanna, agus tá scoláirí ag cabhrú freisin! Leanfar den obair sin go deireadh mhí na Samhna. Ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil leis na scoileanna agus leis na scoláirí a chabhraigh linn go dtí seo – thug siad roinnt smaointe an-chabhrach dúinn.





Obair na Cigireachta le leanaí agus le daoine óga

Luaigh mé i mo nuachtlitir dheireanach go rabhamar díreach tar éis leathanach do scoláirí a thabhairt isteach inár dtuairiscí meastóireachta curaclaim (do bhunscoileanna) agus i dtuairiscí cigireachta ábhair (d'iar-bhunscoileanna).

Tá bliain caite ó shin i leith! Faoin am seo, tá an leathanach curtha isteach sna céadta tuairiscí cigireachta. Ar an leathanach, léirítear cinntí agus moltaí tábhachtacha ó chigireachtaí. Coinnígí súil amach don leathanach nuair atá cigireacht ag bhur scoil.
Is féidir libh tuairiscí cigireachta a aimsiú anseo.

Tá súil agam go bhfaighidh sibh deis amharc ar na físeáin a rinneamar le scoileanna, áit a léiríonn scoláirí na gníomhaíochtaí éagsúla a stiúrann siad agus áit a míníonn siad conas atá a gcuid smaointe ag cabhrú leis an scoil feabhsú. Is féidir libh na físeáin sin, chomh maith le físeáin agus tuilleadh faisnéise faoi na rudaí a dhéanann cigirí, ar an leathanach "Eolas le haghaidh leanaí agus daoine óga" anseo.

Suirbhé náisiúnta scoláirí ar obair na scoileanna chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus chun dul i ngleic léi, 2025

Chun Seachtain na Frithbhulaíochta 2025 (10–14 Samhain) a chomóradh, táimid ag seoladh suirbhé náisiúnta ar líne do gach scoláire iar-bhunscoile agus do gach leanbh i rang a cúig agus i rang a sé ar leibhéal na bunscoile. Osclófar an suirbhé an 10 Samhain agus beidh sé ar oscailt ar feadh dhá sheachtain.

Cruthaíodh an suirbhé le cabhair ó scoláirí, ó mhúinteoirí agus ó thaighdeoirí. Is rud atá roghnach go hiomlán é páirt a ghlacadh ann, agus beidh bhur gcuid freagraí príobháideach – ní bhaileoimid aon fhaisnéis phearsanta.

Déanfar an nasc chuig an suirbhé a sheoladh chuig príomhoide bhur scoile go luath. Comhroinnfidh an príomhoide an nasc libh agus táthar dóchasach go dtabharfaidh sé nó sí am daoibh chun an suirbhé a chomhlánú ar scoil. Tá bhur gcuid tuairimí agus smaointe tábhachtach chun cabhrú le scoileanna agus le múinteoirí spásanna foghlama atá sábháilte, ionchuimsitheach agus dearfach do chách a chruthú.



Foilsiú *Tuarascáil na Cigireachta (2024) agus Athbhreithniú Téamach*

Gach bliain, foilsíonn an Chigireacht tuarascáil mhionsonraithe faoina cuid oibre agus faoin méid atá foghlamtha aici i scoileanna. Sa tuarascáil nua, atá le foilsiú i mí na Samhna 2025, breathnaítear ar chigireachtaí scoile a rinneadh sa bhliain 2024. Cuirtear in iúl inti an méid a d'fhoghlaim cigirí faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim i suíomhanna fhoghlaim na luath-óige, i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna.
Cuirtear torthaí cigireachta in iúl inti agus dírítear inti ar thopaicí tábhachtacha amhail foghlaim na Gaeilge, cabhrú le scoláirí le Matamaitic agus iad ag aistriú chuig an iar-bhunscoil, tacú leis an ionchuimsiú, agus cabhrú le scoláirí atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise. Beidh sí ar fáil ar leathanach Gréasáin na Cigireachta: www.gov.ie/ROCigireacht



Foilseacháin ón gCigireacht

D'fhoilsigh an Chigireacht tuarascálacha eile ó mo nuachtlitir dheireanach i leith. Áirítear leo sin:

- Ranganna Speisialta do Dhaltaí Uathacha i mBunscoileanna: I dtreo córas comhleanúnach, ionchuimsitheach (Deireadh Fómhair 2025)
- Príomhchinntí ó Chigireachtaí ar Chúrsaí i gColáistí Gaeilge 2022-2024 (Iúil 2025)



Aonad Rannpháirtíochta na Scoláirí

It Starts with YOU
Student Participation

B'fhéidir gur mhaith leat a bheith ar an eolas freisin go bhfuil Aonad Rannpháirtíochta na Scoláirí bunaithe ag an Roinn. D'fhoilsigh an t-aonad tuarascáil agus plean maidir le conas a oibreoidh sé níos dlúithe le scolairí chun a chuid oibre a fheabhsú. Is féidir leat léamh faoi anseo. Faoi láthair, tá an t-aonad ag féachaint ar conas is féidir le comhairlí scoláirí feidhmiú níos fearr sna scoileanna.

Acmhainní agus faisnéis

Tugaigí cuairt ar ár leathanach Gréasáin ag www.gov.ie/ROCigireacht chun ábhair éagsúla agus foilseacháin a foilsíodh le déanaí a rochtain.

- Foilsíodh físeáin faisnéise nuashonraithe do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí faoi chigireacht i scoileanna agus in ionaid Ógtheagmhála i mí na Bealtaine 2025. Is féidir na físeáin a aimsiú anseo.
- Foilsíodh físeáin faisnéise do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí faoi chigireachtaí i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus i suíomhanna um chúram leanaí in aois scoile i mí Mheán Fómhair 2025. Is féidir na físeáin a aimsiú anseo.
- Tá na huasdátuithe is déanaí ón gCigireacht ar fáil anseo.
- Tá tuairiscí cigireachta ar fáil anseo.



Go raibh maith agaibh

Gabhaimid buíochas le gach duine sna scoileanna a dtugaimid cuairt orthu. Taitníonn linn go háirithe a bheith ag amharc ar dhaoine agus iad ag cabhrú agus ag tacú lena chéile, rud a fhágann gur áit chairdiúil do chách í an scoil! Tá na cigirí ag tnúth le bualadh libh.

Beirigí uile bua agus beannacht.